

U.I.I Polasaí Úsáide Inghlactha don Idirlíon

Réamhrá agus Aidhm an Pholasaí

Is é aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha a chinntiú go bhfaighidh daltaí Gaelscoil Mhuscraí buntáistí as na deiseanna foghlama as acmhainní Idirlín na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Féachtar ar úsáid agus rochtain Idirlín mar acmhainn agus mar phribhléid scoile. Mura gcomhlíontar PÚII na scoile mar sin tarraingeofar siar an phribhléid agus gearrfar smachtbhannaí cuí - mar atá leagtha amach san PÚII.

Sula síneofar é ba chóir an PÚII a léamh go cúramach lena léiriú go dtuigtear agus go nglactar le coinníollach na húsáide. Tá an PÚII ar fáil do thuismitheoirí. Má tá aon cheist ag tuistí maidir leis an bPolasaí is féidir leo teangmháil a dhéanamh leis an bPríomhoide nó Múinteoir Mairéad, an co-ordaitheoir TFC .

Straitéis na Scoile

Bainfidh Gaelscoil Mhuscraí leas as roinnt straitéisí chun cur chomh mór agus is féidir le deiseanna foghlama agus le rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú. Is iad na straitéisí na cinn seo a leanas:

Go Ginearálta

- Beidh múinteoir i gcónaí ag maoirsiú seisiúin Idirlín.
- Bainfeadh leas as bogearraí scagtha agus/nó córais chomhionann chun an riosca a bhaineann do nochtadh d'ábhar míchuí a laghdú. Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar úsáid idirlín na ndaltaí. Usáidtear an bogearra scagtha ón PDST Teicneolaíocht san Oideachas/ NCTE (www.ncte.ie)
- Cuirfeadh oiliúint agus acmhainní ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le sábháilteacht Idirlín. (www.webwise.ie)
- Ní cheadófar íoschóipeáil nó uaslódáil a dhéanamh ar bhogearraí nach mbeidh ceadaithe.
- Bainfeadh leas as bogearraí cosanta víreas agus tabharfar é suas chun dáta go rialta.
- Beidh cead ón múinteoir riachtanach chun CD-ROManna, cnaipe cuimhne nó méan digiteach stórais eile a úsáid sa scoil.
- Cleachtóidh na daltaí dea “netiquette” (i.e., etiquette ar an Idirlíon) ag gach tráth agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeoidh droch-cháil ar an scoil.

An Gréasán Domhanda

- Ní rachaidh mic léinn chuig láithreáin Idirlín ar a mbeidh ábhair ghraostacha, mídhleathacha, fuatha nó a bheidh míchuí ar bhealach eile.
- Is chun críocha oideachais amháin a bhainfidh daltaí úsáid as an idirlíon.
- Cuirfidh scoláirí in iúl do mhúinteoirí má thagann siad trasna ar abhair mí-

oiriúnach de réir nósanna imeachta na scoile.

- Beidh eolas ag daltaí ar cheisteanna cóipchirt a bhaineann le foghlaim ar líne – caithfear cur in iúl má úsáideann scolairí eolas ón idirlíon ina gcuid oibre.
- Ní dhéanfaidh daltaí nochtadh nó foilsiú ar eolas pearsanta.
- Níl cead ag mic léinn íoslódáil a dhéanamh ar aon ábhair nó íomhánna nach bhfuil bainteach lena gcuid staidéir.
- Beidh a fhios ag daltaí go bhféadfadh aon úsáid lena n-áirítear eolas a dháileadh nó a fháil, cibé obair scoile nó nithe pearsanta a bheith faoi mhonatóireacht ó thaobh ghníomhaíocht neamhghnách, slándáil, nó cúiseanna bainistíochta gréasáin.

Ríomhphost

- Úsáidfear cuntais ríomhphost ranga, ní chuntas aonair, le haghaidh cúiseanna oideachasúla e.g. ag lord eolas le haghaidh tionscadal.
- Seolfaidh paistí ríomhphostanna i dteannta an múinteoir.
- Ní bheidh cead ag daltaí dul isteach ar sheomraí comhrá, ar fhóiraim chomhrá agus ar fhóiraim leictreonacha cumarsáide eile.
- Bainfear úsáid as ainmneacha úsáideoirí chun fíor chéannacht a cheilt ar ghréasáin oideachasúla le fóiraim cumarsáide de réir mar a bheidh ceadaithe ag an scoil.

Gréasán Scoile

Is féidir le daltaí tionscadail, obair ealaíne, ábhair scríobhnóireachta agus taifead fuaime a chruthú chun foilsiú ar ghréasáin na scoile. Déanfaidh Múinteoir Mairéad bainistiú ar fhoilsiú ábhair ar ghréasáin na scoile de réir na rialacha thíos:

- Déanfar maorsacht rialta ar ghréasáin na scoile chun deimhniú nách bhfuil aon ábhair a chuirfeadh isteach ar shábháilteacht scolairí agus an fhoireann.
- Foilseofar obair dhaltaí i gcomhthéacs oideachais ar leathanaigh an ghréasáin.
- Díreoidh grianghraif agus clipeanna éisteachta agus físe ar ghníomhaíochtaí grúpaí seachas daltaí aonair comh fada ‘is gur féidir.
- Fágfar amach eolas pearsanta faoi dhaltaí mar sheoladh baile agus sonraí teagmhála ón leathanach gréasáin scoile.
- Déanfar gach iarracht gan ainm iomlán an pháiste a fhoilsiú i ngriangraf.
- Beidh úinéireacht ag daltaí fós ar an gcóipcheart ar aon obair a fhoilseofar.

Reachtaíocht

Soláthróidh an scoil eolas ar an reachtaíocht seo a leanas maidir le húsáid an Idirlín agus ar chóir do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí dul i dtairbhí uirthi:

- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998
- An tAcht Tascartha 1993
- An tAcht um Fhístaiifeadtaí, 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988

Struchtúir Thacaíochta

Cuirfidh an scoil eolas ar fáil do dhaltai agus do thuismitheoirí faoi príomhstruchtúir agus eagraíochtaí tacaíochta a bhíonn ag déileáil le hábhar mídhleathach agus úsáid dhochrach an Idirlín. Is féidir teacht ar na heagraíochtaí seo trí na gréasáin seo a leanas:

- www.webwise.ie : Treor línte d'úsáid sábháilte an idirlín do pháistí.
- www.hotline.ie : Tuairisciú ar ábhair mídhleathach ar an idirlíon.
- www.makeitsecure.org : Gréasáin sábháilteachta náisiúnta do pháistí.
- www.safekids.com : Treor teaghlaigh do shábháilteacht idirlín.
- www.getnetwise.org : Gréasáin sábháilteachta, príobháideachais agus slándála.
- www.ncte.ie : PDST – teicneolaíocht san Oideachas. Eagraíocht rialtais.

Smachtbhannaí

D'fhéadfadh gníomh disciplíne teacht as mí-úsáid a bhaint as an Idirlíon, lena n-áirítear tarraingt siar pribhléidí rochtana agus i gcásanna tromchúiseacha fionraí nó díbirt. Tá sé de cheart ag an scoil freisin aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha a thuairisciú chuig na húdaráis chuí.

Fráma-Ama

Bhí an Polasaí Úsáide Inghlactha don Idirlíon seo curtha le chéile i mí Eanáir 2014 ag an co-ordaitheoir TFC scoile agus an Príomhoide. Cuirfear an polasaí i bhfeidhm ó Mí Mheán Fómhair 2014.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí tar éis aon eachtra ina n-úsáidtear na treoirlínte.

Daingniú agus Cumarsáid

Deineadh daingeanú ar an bpolasaí ag an mBord Bainistíochta i 13/01/2014.

Déanfar foilsiú ar an bpolasaí seo ar ghréasán na scoile do phobal na scoile.